Cá has a dTagann an tUisce?

Bileog Eolais 02

Réamhrá

Cibé uair a chasaimid an sconna air sa teach nó ar scoil, amach le huisce glan óil. Ach cén chaoi a dtéann sé ann? Tagann an t-uisce go léir ó na trí phríomhchineál deasctha; báisteach, clocha sneachta nó sneachta. Iompóidh roinnt báistí ina gal go luath tar éis titim agus imeoidh fuílleach na báistí den talamh isteach sna sruthanna agus sna haibhneacha, nó tiocfaidh sé tríd an talamh chun dul sa soláthar uisce atá faoi thalamh. Is amhlaidh a bhaintear an t-uisce amach as foinsí **uisce dromchla** mar lochanna nó aibhneacha nó baintear as toibreacha **screamhuisce** é, rud atá ag brath ar cá bhfuil tú i do chónaí.

Uisce Dromchla

An raibh a fhios agatsa gur ón uisce dromchla a fhaightear an chuid is mó den uisce óil in Éirinn?

Cruinnítear uisce dromchla ó dhíonta agus ó limistéir phábháilte mar aon le sruthanna, aibhneacha, lochanna agus taiscumair. Má thógtar damba nó bacainn trasna abhann, déantar taiscumar. Cuireann sin bac ar an uisce ag an bpointe sin agus ceadaíonn sé don uisce cruinniú ar chúl an damba. Ligtear méid áirithe uisce amach as an taiscumar i gcónaí chun an abhainn a choinneáil á sreabhadh ar bhonn inghlactha. Tá taiscumair le fáil i limistéir ardtailte nó sin an áit a dtiteann an chuid is mó den bháisteach.

Screamhuisce

I roinnt áiteanna súnn an talamh an t-uisce go dtí go gcruinníonn sé sna réimsí móra sin ina bhfuil carraigeacha póiriúla. Uiscíoch a thugtar ar áit den chineál sin. Nuair atá uisce de dhíth sna ceantair sin, déanaimid druileáil síos isteach sna huiscígh agus is le caidéil a bhainimid an t-uisce amach astu.

Féadfaidh screamhuisce teacht aníos ina fhuarán. Is minic a bhíonn an beagán sráidbhailte iargúlta sin nach bhfuil nasctha leis an gcóras dáilte uisce ag brath ar fhuaráin den chineál sin chun an t-uisce acu a sholáthar. De ghnáth, bíonn an t-uisce sin ar chaighdeán maith.

An tUisce i mBaile Átha Cliath

Soláthraítear an t-uisce do Bhaile Átha Cliath ar bhonn réigiúnach. Is é atá i gceist leis an réigiún gach cuid de Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath agus codanna de Chill Mhantáin agus de Chill Dara. Tagann bunús an uisce atá á sholáthar ó fhoinsí uisce dromchla. Déantar riar ar bhreis agus aon mhilliún duine le gléasraí cóireála uisce a oibríonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an Life ag an mBaile Mór, ar an bhFeartraí ag an Tóchar agus ar an Dothra ag Baile Baodáin agus leis na gléasraí cóireála a oibríonn Comhairle Contae Fhine Gall ar an Life ag Léim an Bhradáin agus ag foinse screamhuisce ag “Bogach na Rinne”.

Cén fáth nach leanfaidh tú bealach taistil an uisce a ólann tú ón bhfoinse go dtí an tharraige? Cá ndéantar é a chóireáil? An gcaithfidh sé teacht i bhfad chun dul isteach i do theach nó i do scoil? Cad é a tharlaíonn don uisce tar éis é a úsáid?



Foinsí Uisce